BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Dara Dlísheomra)

18 Nollaig 2025*

(Achomharc – Sláinte phoiblí – Tairgí tobac téite – Díolúintí áirithe a tharraingt siar – Treoir Tarmligthe (AE) 2022/2100 – Caingean le haghaidh neamhniú – *Locus standi* – An ceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE – Coinníoll nach mór an gníomh a bheith de chúram an iarratasóra go leithleach – Aicme theoranta oibreoirí eacnamaíocha – Oibleagáidí maidir le dearbhú nó fógra a thabhairt – Údarú margaíochta)

I gCás C-731/23 P,

ACHOMHARC de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 29 Samhain 2023,

Nicoventures Trading Limited, a bunaíodh i Londain (an Ríocht Aontaithe),

British American Tobacco (Germany) GmbH, a bunaíodh i Hamburg (an Ghearmáin),

British American Tobacco Italia SpA (BAT Italia), a bunaíodh sa Róimh (an Iodáil),

British American Tobacco Polska Trading sp. z o.o., a bunaíodh i Várs á (an Pholainn),

British American Tobacco España SA, a bunaíodh i Maidrid (an Spáinn),

P.J. Carroll & Company Limited, a bunaíodh i mBaile Átha Cliath (Éire),

dá ndéanann M. Schonberg agus L. Van den Hende, advocaten, ionadaíocht,

achomharcóirí,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann F. van Schaik agus H. van Vliet ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéad chéim,

le tacaíocht ó:

Poblacht na Fraince, dá ndéanann M. de Lisi, B. Fodda agus B. Travard ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Béarla.

idiragraí san achomharc,

tugann AN CHÚIRT (an Dara Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Jürimäe (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag gníomhú dó mar Bhreitheamh den Dara Dlísheomra, F. Schalin, M. Gavalec agus Z. Csehi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 12 Meitheamh 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena n-achomharc, iarrann Nicoventures Trading Limited, British American Tobacco (Germany) GmbH, British American Tobacco Italia SpA (BAT Italia), British American Tobacco Polska Trading sp. z o.o., British American Tobacco España SA agus P.J. Carroll & Company Limited, go gcuirfí ar neamhní an t-ordú ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 20 Meán Fómhair 2023, *Nicoventures Trading agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, (T-706/22, 'an t-ordú atá faoi achomharc', EU:T:2023:579), lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá gcaingean ag iarraidh go ndéanfaí Treoir Tarmligthe (AE) 2022/2100 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí áirithe a tharraingt siar i ndáil le táirgí tobac téite (IO 2022 L 283, lch. 4, 'an Treoir Tarmligthe') a chur ar neamhní, toisc é a bheith gan bhunús.

An dlí lena mbaineann

Treoir 2014/40/AE

2 Le Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE (IO 2014 L 127, lch. 1), sainmhínítear na rialacha a bhaineann le táirgí tobac a chur ar an margadh.

3 De bhun Airteagal 2 den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(18) ciallaíonn “comhábhar” tobac, breiseán, chomh maith le haon substaint nó eilimint eile atá i gcríochtháirge tobac nó i dtáirgí gaolmhara, lena n-áirítear páipéar, scagaire, dúch, capsúil agus greamacháin;

[...]

(25) ciallaíonn “sainbhlas” boladh nó blas atá inaitheanta go soiléir seachas boladh nó blas tobac, a eascraíonn as breiseán nó as teaglaim breiseán, lena n-áirítear torthaí, spíosraí, plandaí aramatacha, alcól, milseogra, meantól nó fanaile (liosta neamh-uileghabhálach), atá inaitheanta roimh an táirge tobac a chaitheamh nó lena linn;

[...]

(28) ciallaíonn “athrú suntasach ar na himthosca” méadú 10 % nó níos mó ar mhéid na ndíolachán in aghaidh na catagóire táirgí i gcúig Bhallstát ar a laghad, bunaithe ar shonraí díolacháin arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 5(6), nó méadú cúig phointe céatadáin ar a laghad, i gcúig Bhallstát ar a laghad, ar leibhéal leitheadúlacht úsáide sa ghrúpa tomhaltóirí faoi bhun 25 bliana d’aois don chatagóir táirgí lena mbaineann, bunaithe ar Thuarascáil Speisialta Eorabharaiméadar 385 mhí na Bealtaine 2012 nó ar staidéir leitheadúlachta choibhéiseacha; in aon chás, measfar nár tháinig aon athrú suntasach ar imthosca mura mó méid díolachán na catagóire táirgí ar an leibhéal miondíola ná 2.5 % de dhíolacháin iomlána táirgí tobac ar leibhéal [an Aontais];

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil.]

4 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 5 den Treoir sin, dar teideal ‘Tuairisciú le haghaidh comhábhar agus astaíochtaí’:

‘1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar mhonaróirí agus ar allmhaireoirí táirgí tobac an fhaisnéis seo a leanas a chur faoi bhráid a n-údarás inniúil de réir ainm branda agus cineáil:

(a) liosta de na comhábhair go léir, agus de na cainníochtaí díobh, a úsáidtear i monarú na dtáirgí tobac, in ord íslitheach mheáchan gach comhábhair atá sna táirgí tobac;

[...]

I gcás táirge tobac nua nó modhnaithe, déanfar an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Airteagal seo a thíolacadh sula gcuirfear na táirgí sin ar an margadh.

[...]

6. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar mhonaróirí agus ar allmhaireoirí staidéir inmheánacha agus sheachtracha a chur isteach atá ar fáil dóibh maidir le taighde margaidh agus roghanna grúpaí tomhaltóirí éagsúla, lena n-áirítear daoine óga agus daoine a chaitheann tobac faoi láthair, a bhaineann le comhábhair agus astaíochtaí, chomh maith le hachoimrí feidhmiúcháin ar aon suirbhéanna margaidh a dhéanann siad agus táirgí nua á seoladh acu. Ceanglóidh na Ballstáit freisin ar mhonaróirí agus ar allmhaireoirí a méideanna díolacháin a thuairisciú in aghaidh an bhranda agus an chineáil, arna dtuairisciú de réir an lín toitíní/todóga/todóigíní nó i gcileagraim,

agus in aghaidh an Bhallstáit ar bhonn bliantúil ag tosú ón 1 Eanáir 2015. Soláthróidh na Ballstáit aon sonraí eile maidir le méid na ndíolachán atá ar fáil dóibh.

7. Déanfar na sonraí agus an fhaisnéis uile atá le soláthar do na Ballstáit agus ag na Ballstáit faoin Airteagal seo agus faoi Airteagal 6 a sholáthar i bhfoirm leictreonach. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis a stóráil go leictreonach agus áiritheoidh siad go mbeidh rochtain ag an gCoimisiún [Eorpach] agus ag na Ballstáit eile uirthi chun críocha na Treorach seo. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil.]

5 De réir Airteagal 7 de Threoir 2014/40, dar teideal 'Rialacha maidir le comhábhair':

'1. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar tháirgí tobac a bhfuil sainbhlas orthu a chur ar an margadh.

[...]

7. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar tháirgí tobac a chur ar an margadh a bhfuil sainbhlas in aon cheann dá gcomhchodanna amhail scagairí, páipéir, pacáistí, capsúil nó aon ghnéithe teicniúla lenar féidir modhnú a dhéanamh ar a mboladh nó ar a mblas nó ar a ndéine deataigh. Ní gá go mbeidh tobac ná nicitín i scagairí, i bpáipéir ná i gcapsúil.

[...]

12. Beidh táirgí tobac seachas toitíní agus tobac rollta díolmhaithe ó na toirmisc atá leagtha síos i míreanna 1 agus 7. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 27 chun an díolúine sin a tharraingt siar i gcás catagóire áirithe táirgí, má thagann athrú suntasach ar na himthosca mar a shuitear i dtuarascáil ón gCoimisiún.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil.]'

6 Baineann Airteagal 9 den Treoir sin leis an rabhadh ginearálta agus an teachtaireacht faisnéise nach mór a bheith ar aonad pacáistíochta agus ar fhorphacáistíocht táirgí tobac lena gcaitheamh. Sonraítear in Airteagal 10 den Treoir sin na hoibleagáidí a bhaineann leis na rabhaidh sláinte atá le léiriú ar gach aonad pacáistíochta agus ar aon fhorphacáistíocht a ghabhann leis na táirgí sin.

7 De réir Airteagal 11 de Threoir 2014/40, dar teideal 'Lipéadú táirgí tobac lena gcaitheamh seachas toitíní, tobac rollta agus tobac píopa uisce':

'1. Féadfaidh na Ballstáit táirgí tobac lena gcaitheamh seachas toitíní, tobac rollta agus tobac píopa uisce a dhíolmhú ó na hoibleagáidí an teachtaireacht faisnéise a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus na rabhaidh sláinte chomhcheangailte a leagtar síos in Airteagal 10 a chur in iúl. [...]

[...]

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 27 chun an fhéidearthacht na díolúintí sin a tharraingt siar i gcás catagóirí áirithe táirgí dá dtagraítear i mír 1,

má thagann athrú suntasach ar na himthosca mar a shuitear i dtuarascáil ón gCoimisiún don chatagóirí táirgí lena mbaineann.

[Aistriúchán neamhoifigiúil.]'

8 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 19 den Treoir sin, dar teideal 'Fógra a dhéanamh faoi tháirgí nua tobac':

'1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar mhonaróirí agus ar allmhaireoirí táirgí tobac núíosacha fógra a chur faoi bhráid údaráis inniúla na mBallstát maidir le haon táirge tobac núíosach a bhfuil sé beartaithe acu iad a chur ar an margadh náisiúnta lena mbaineann. Cuirfear an fógra sin isteach i bhformáid leictreonach sé mhí roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe é a chur ar an margadh. Beidh ag gabháil leis tuairisc mhionsonraithe ar an táirge tobac núíosach lena mbaineann chomh maith le treoracha maidir lena úsáid agus faisnéis faoi chomhábhair agus astaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 5. [...]

2. [...] Cuirfidh na Ballstáit aon fhaisnéis a fhaightear de bhun an Airteagail seo ar fáil don Choimisiún.

3. Féadfaidh na Ballstáit córas a thabhairt isteach chun táirgí tobac núíosacha a údarú. [...]

[...] [Aistriúchán neamhoifigiúil]'

An Treoir Tarmligthe

9 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1 den Treoir Tarmligthe:

'Leasaítear Treoir [2014/40] mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(12):

"12. Beidh táirgí tobac seachas toitíní, tobac rollta agus táirgí tobac téite díolmhaithe ó na toirmisc atá leagtha síos i míreanna 1 agus 7. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 27 chun an díolúine sin a tharraingt siar i gcás catagóire áirithe táirgí, má thagann athrú substaintiúil ar na himthosca mar a suíodh i dtuarascáil ón gCoimisiún.

Chun críocha na chéad fhomhíre, ciallaíonn 'táirge tobac téite' táirge tobac núíosach a théitear chun astaíocht a tháirgeadh ina bhfuil nicitín agus ceimiceáin eile, a ionanálaíonn an t-úsáideoir/na húsáideoirí ansin, agus, ag brath ar a shaintréithe, ar táirge tobac gan toit nó táirge tobac é lena chaitheamh."

(2) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:
(a) 'cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"Airteagal 11

"Lipéadú táirgí tobac lena gcaitheamh seachas toitíní, tobac rollta, tobac píopa uisce agus táirgí tobac téite";
(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

> "Féadfaidh Ballstáit táirgí tobac lena gcaitheamh seachas toitíní, tobac rollta, tobac píopa uisce agus táirgí tobac téite mar a shainmhínítear iad sa dara fomhír d'Airteagal 7(12), a dhíolmhú ó na hoibleagáidí an teachtaireacht faisnéise atá leagtha síos in Airteagal 9(2) agus na rabhaidh sláinte chomhcheangailte a leagtar síos in Airteagal 10 a chur in iúl. Sa chás sin, agus sa bhreis ar an rabhadh ginearálta dá bhforáiltear in Airteagal 9(1), beidh ceann de na rabhaidh téacs a liostaítear in Iarscríbhinn I ar gach aonad-phaicéad agus ar aon phacáistiú lasmuigh de na táirgí sin. Áireofar sa rabhadh ginearálta a shonraítear in Airteagal 9(1) tagairt do na seirbhísí scoir dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (b)."

Cúlra na díospóide

10 Tá cúlra na díospóide leagtha amach i míreanna 2 go 6 den Ordú atá faoi achomharc. Chun críocha an achomhairc seo, is féidir an achoimre seo a leanas a thabhairt air.

11 Déanann an grúpa British American Tobacco ('grúpa BAT'), a bhfuil na hachomharcóirí mar chuid de, táirgí tobac a mhonarú agus a chur ar an margadh, lena n-áirítear táirgí tobac téite. Bunaíodh ceann de na hachomharcóirí, Nicoventures Trading, le linn 2011 laistigh de Ghrúpa BAT chun díriú go heisiach ar fhorbairt agus ar thráchtálú táirgí neamh-indóite nuálacha, lena n-áirítear táirgí tobac téite. Díolann Nicoventures Trading táirgí tobac téite de chuid Ghrúpa BAT le cuideachtaí eile sa ghrúpa, lena n-áirítear na hachomharcóirí eile. Is é atá i gceist leis an dara ceann acu sin ná táirgí de chuid Nicoventures Trading a dháileadh ar mhargaí 14 Bhallstát nó tá sé beartaithe acu é sin a dhéanamh.

12 An 15 Meitheamh 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún, i gcomhréir le Treoir 2014/40, tuarascáil lena mbunaítear athrú suntasach ar na himthosca maidir le táirgí tobac téite.

13 Tar éis na tuarascála sin, ghlac an Coimisiún, ar bhonn Airteagal 7(12) agus Airteagal 11(6) de Threoir 2014/40, an Treoir Tarmligthe. Ón 23 Deireadh Fómhair 2023, an dáta a bhí na bearta is gá chun an Treoir Tarmligthe a chomhlíonadh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit, níl táirgí tobac téite díolmhaithe a thuilleadh ó na toirmisc a bhaineann le sainbhlasanna dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus (7) de Threoir 2014/40. Thairis sin, amhail ón dáta céanna, beidh táirgí tobac lena gcaitheamh nach bhfuil toirmeasc orthu faoi réir na srianta taispeána céanna ar phacáistíocht agus atá táirgí tobac eile lena gcaitheamh nach bhfuil díolmhaithe.

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an t-ordú atá faoi achomharc

14 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 16 Samhain 2022, thionscain na hachomharcóirí caingean chun an Treoir Tarmligthe a neamhniú.

15 Agus é den tuairim nach raibh an Treoir Tarmligthe do chúram na n-achomharcóirí, de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, d'ardaigh an Coimisiún pléadáil do-ghlacthachta an 17 Eanáir 2023.

16 Leis an ordú atá faoi achomharc, sheas an Chúirt Ghinearálta leis an bpléadáil do-ghlacthachta sin agus dhiúltaigh sí don chaingean toisc í a bheith do-ghlactha.

17 Chinn an Chúirt Ghinearálta, ar dtús, i míreanna 13 agus 14 den ordú sin, gur gníomh rialála í an Treoir Tarmligthe, de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, lena leagtar síos, in Airteagal 2 di, bearta cur chun feidhme, eadhon bearta trasuí ar faoi na Ballstáit atá sé iad a

ghlacadh. Bhain an Chúirt Ghinearálta de thátal as sin nár tháinig an chaingean le haghaidh neamhniú faoin tríú cás dá dtagraítear sa cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, eadhon go bhféadfaidh aon duine imeachtaí a thionscnamh in aghaidh gníomh rialála is dá chúram go díreach iad agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leo. Chinn sí freisin, ós rud é nárbh iad na hachomharcóirí seolaithe na Treorach Tarmligthe, nach bhféadfadh an chaingean le haghaidh neamhniú teacht faoi raon feidhme na chéad staide dá dtagraítear san fhoráil sin, ar dá réir a fhéadfaidh aon duine caingean a thionscnamh in aghaidh gníomh a díríodh chuig an duine sin. Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Ghinearálta gur ghá scrúdú a dhéanamh ar cé acu a tháinig nó nár tháinig na hachomharcóirí faoin dara cás dá bhforáiltear san fhoráil sin, eadhon cé acu an raibh nó nach raibh an Treoir Tarmligthe dá gcúram go díreach nó go leithleach.

18 Maidir leis an gcoinníoll nach mór go mbeidh an beart atá faoi chonspóid do chúram an iarratasóra go díreach, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 24, 26 agus 28 den ordú atá faoi achomharc, tar éis cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais a mheabhrú, go ndéanann an Treoir Tarmligthe difear d'oibreoirí, amhail na hachomharcóirí, a mhargaíonn nó a bhfuil sé beartaithe acu táirgí tobac téite a bhfuil sainbhlas orthu a chur ar an margadh ina staid dhlíthiúil, sa mhéid, tar éis ghlacadh na Treorach sin, go dtiocfaidh an mhargaíocht sin chun bheith neamhdhleathach. Beidh sé d'oibleagáid ar na hoibreoirí sin freisin na rabhaidh sláinte chéanna a thaispeáint ar phacáistíocht táirgí tobac téite lena gcaitheamh nach bhfuil toirmeasc orthu agus atá le bheith ar phacáistíocht táirgí tobac áirithe eile lena gcaitheamh.

19 Dá bhrí sin, bheadh na hachomharcóirí faoi réir an toirmisc atá ar tháirgí tobac téite a bhfuil sainbhlas orthu a chur ar an margadh agus faoi réir oibleagáidí a eascraíonn go díreach as an Treoir Tarmligthe, gan beann ar an bhfíoras go n-áirítear bearta cur chun feidhme leis an Treoir sin, eadhon bearta trasuite nach mór do na Ballstáit a ghlacadh. Go deimhin, sa chás seo, níl gá leis na bearta trasuite dá bhforáiltear leis an Treoir sin ach amháin d'fhonn na toirmisc agus na hoibleagáidí sin a chur i bhfeidhm ina n-iomláine i ndlíthe na mBallstát, gan aon lánrogha dá gcuid féin a bheith ag na Ballstáit, ós rud é nach bhfágann an Treoir Tarmligthe aon lánrogha ag na Ballstáit i ndáil leis na toirmisc agus na hoibleagáidí sin.

20 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nár mhór a mheas go bhfuil an Treoir sin do chúram na n-achomharcóirí go díreach agus nach bhféadfadh aon cheann de na hargóintí a chuir an Coimisiún chun cinn amhras a chaitheamh ar na measúnuithe sin.

21 Maidir leis an gcoinníoll nach mór don bheart atá faoi chonspóid a bheith dá chúram go leithleach, chuir an Chúirt Chéadchéime in iúl, ar an gcéad dul síos, i mír 36 den ordú atá faoi achomharc, ag brath, go háirithe, ar bhreithiúnas an 15 Iúil 1963, *Plaumann* v *an Coimisiún* (25/62, EU:C:1963:17), go bhféadfadh bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu a bheith do chúram daoine nádúrtha nó dlítheanacha áirithe go leithleach, agus dá bhrí sin gur de chineál cinnidh a bhaineann leo iad, i gcás, go háirithe, ina ndéanann na bearta sin difear dóibh de bharr tréithe áirithe atá sainiúil dóibh nó de bharr cúinsí nach mbaineann le duine ar bith eile agus, mar gheall ar na tosca sin, déantar iad a idirdhealú go leithleach díreach mar a dhéantar i gcás seolaí.

22 Agus tagairt á déanamh do mhír 18 de bhreithiúnas an 18 Bealtaine 1994 in *Codorniu* v *an Chomhairle* (C-309/89, EU:C:1994:197), shonraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 37 den ordú atá faoi achomharc, nach gcaitear amhras ar chur i bhfeidhm ginearálta agus, dá bhrí sin, ar chineál reachtach birt leis an bhféidearthacht líon nó fiú céannacht na ndaoine a bhfuil feidhm aige maidir leo ag am áirithe a chinneadh ar bhealach níos beaichte nó níos lú, fad atá comhthuiscint ann go ndéantar an cur i bhfeidhm sin de bhua staid oibiachtúil dhlíthiúil nó fhíorasach arna sainiú ag an mbeart sin i ndáil lena chuspóir.

23 Scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta ansin na hargóintí a chuir na hachomharcóirí chun cinn chun a thaispeáint go raibh an Treoir Tarmligthe dá gcúram go leithleach.

24 Ar an gcéad dul síos, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 45 den ordú atá faoi achomharc, nár leor díreach go raibh oibreoirí a rinne dearbhú nó fógra, dá bhforáiltear in Airteagail 5 agus 19 de Threoir 2014/40 faoi seach, nó a raibh údarú acu, faoi chóras arna bhunú faoi Airteagal 19(3) den Treoir sin, inaitheanta tráth a glacadh an Treoir Tarmligthe chun a shuí go bhfuil an Treoir sin dá gcúram go leithleach i gcás ina bhfuil feidhm ag an Treoir Tarmligthe sin de bhua breithnithe ginearálta agus teibí. De réir na Cúirte Ginearálta, ní raibh sé de cheangal ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar a staid agus an Treoir Tarmligthe á glacadh aige.

25 Ar an dara dul síos, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 46 den ordú atá faoi achomharc, don argóint atá bunaithe ar líon íseal gnóthas a ndéanann an Treoir Tarmligthe difear dóibh, os rud é nach raibh líon na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha a ndéanann gníomh den sórt sin difear dóibh cinntitheach ina leith sin.

26 Ar an tríú dul síos, i mír 47 den ordú atá faoi achomharc, d'admhaigh an Chúirt Ghinearálta gur gá go mbeadh sé d'éifeacht ag an toirmeasc iomlán ar tháirgí tobac téite a bhfuil sainbhlasanna orthu, a eascraíonn as an Treoir Tarmligthe, amhras a chaitheamh ar na húdaruithe a bhaineann leis na táirgí tobac sin, atá i seilbh roinnt de na hachomharcóirí, a chur ar an margadh. Chinn sí, áfach, i míreanna 47 agus 49 den ordú atá faoi achomharc, nach bhféadfaí údaruithe den sórt sin, arna ndeonú gan eisiachas, a mheas mar thréithriú agus idirdhealú ar staid a sealbhóirí i ndáil leis an Treoir sin, amhail is dá mba iad na sealbhóirí sin a sheolaithe. Thairis sin, de réir na Cúirte Ginearálta, ní thugann na húdaruithe sin cearta dá sealbhóirí atá inchomparáide leis na cearta atá ag na hiarratasóirí agus na hachomarcóirí sna cásanna as ar eascair breithiúnais an 17 Eanáir 1985, *Piraiki-Patraiki agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (11/82, EU:C:1985:18), an 18 Bealtaine 1994, *Codorniu* v *an Chomhairle* (C-309/89, EU:C:1994:197), an 13 Márta 2008, *an Coimisiún* v *Infront WM* (C-125/06 P, EU:C:2008:159), agus an 27 Feabhra 2014, *Stichting Woonpunt agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-132/12 P, EU:C:2014:100).

27 Ar an gceathrú dul síos, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 51 den ordú atá faoi achomharc, nach bhfuil an fíoras nach bhfuil monaróirí agus allmhaireoirí táirgí tobac téite a bhfuil sainbhlas orthu, i bhfianaise na Treorach Tarmligthe, sa chás céanna leis na tionscail réamhtheachtacha agus iartheachtacha ó shlabhra táirgthe agus dáilte na dtáirgí atá i gceist, ábhartha maidir leis an gceist an bhfuil na hachomharcóirí mar chuid d'aicme srianta. Go deimhin, chun a léiriú go bhfuil an Treoir Tarmligthe dá gcúram go leithleach, ní mór do na hachomharcóirí a shuíomh nach ndéantar difear dóibh ar bhealach atá éagsúil le hoibreoirí eile, ach go bhfuil sí dá gcúram mar gheall ar thréith nó staid fhíorasach atá orthu atá sonrach dóibh agus a dhéanann idirdhealú orthu ar an mbealach céanna le seolaí cinnidh.

28 I mír 52 den ordú atá faoi achomharc, bhain an Chúirt Ghinearálta de thátal as na measúnuithe sin go léir nach suitear leis na húdaruithe, leis na dearbhuithe agus leis na fógraí ar a bhfuil na hachomharcóirí ag brath go bhfuil an Treoir Tarmligthe dá gcúram go leithleach.

29 I míreanna 54 agus 55 den ordú atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, mar fhreagra ar argóint na n-achomarcóirí ar dá réir a ndéanann an Treoir sin difear suntasach dá seasamh iomaíoch, ar thaobh amháin, nach leor gur mó an tionchar eacnamaíoch a bhíonn ag beart a bhfuil feidhm ghinearálta aige ar oibreoirí áirithe ná ar oibreoirí eile chun idirdhealú a dhéanamh eatarthu féin ó gach oibreoir eile, ós rud é go ngabhann éifeacht le cur i bhfeidhm an bhirt sin de bhua cás arna cinneadh go hoibiachtúil. Ar an dara dul síos, ní chruthaítear leis an gcaoi gur dócha

go gcaillfidh duine nádúrtha nó dlítheanach foinse shuntasach ioncaim mar thoradh ar reachtaíocht nua, go bhfuil an duine sin i gcás ar leith agus nach leor é chun a léiriú go ndéanann an reachtaíocht sin difear dó ina aonar, ós rud é nach mór don duine sin fianaise a thabhairt ar aird maidir leis na himthosca ónar féidir a chinneadh go bhfuil an damáiste a líomhnaítear a fulaingíodh de chineál lena ndéantar idirdhealú idir é féin agus gach oibreoir eacnamaíoch eile lena mbaineann an reachtaíocht sin ar an mbealach céanna leis an duine sin.

30 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh údar ag na hachomharcóirí a mhaíomh go raibh Treoir Tarmligthe dá gcúram go leithleach agus, dá bhrí sin, nár mhór an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith do-ghlactha.

Éilimh na bpáirtithe agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

31 Trína n-achomharc, iarrann na hachomharcóirí ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar leataobh,

– a mhéid a mheasann an Chúirt go gceadaítear le staid na n-imeachtaí an pléadáil do-ghlacthachta a dhíbhe, a dhearbhú go bhfuil an chaingean ag an gcéad chéim inghlactha agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun rialú a fháil ar shubstaint an cháis; agus

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc, lena n-áirítear iad siúd a tabhaíodh os comhair na Cúirte Ginearálta.

32 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– a ordú do na hachomharcóirí na costais a íoc.

33 Le hordú ó Uachtarán na Cúirte an 25 Aibreán 2024 in *P Nicoventures Trading agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, (C-731/23 P, EU:C:2024:380), tugadh cead do Phoblacht na Fraince idirghabháil a dhéanamh chun tacú leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiún. Iarrann sí ar an gCúirt an t-achomharc a dhíbhe ina iomláine agus, ar an gcaoi sin, seasamh le do-ghlacthacht na caingne.

An t-achomharc

34 Mar thaca lena n-achomharc, maíonn na hachomharcóirí saincheist dlí amháin lena n-éilítear earráidí dhlí arna ndéanamh ag an gCúirt Ghinearálta i gcur chun feidhme an choinníll, maidir lena gcás, nach mór go mbeidh an beart atá faoi chonspóid do chúram an iarratasóra go leithleach. Tá an tsaincheist sin roinnte ina dhá chuid, lena n-éilítear earráidí dhlí lena gcuirtear ó bhail, faoi seach, an scrúdú ar an bhfianaise ar a bhfuil na hachomharcóirí ag brath chun a léiriú go raibh an Treoir Tarmligthe dá gcúram go leithleach agus an measúnú ar an gcritéar dlíthiúil maidir le ‘héifeacht dhíobhálach shubstaintiúil ar staid an mhargaidh’.

An chéad chuid den chéad fhoras achomhairc

Argóintí na bpáirtithe

35 Baineann an chéad chuid den fhoras achomhairc aonair le míreanna 45 go 52 den ordú atá faoi achomharc. Cuireann na hachomharcóirí i leith na Cúirte Ginearálta go ndearna sí earráid dlí ina measúnú ar thábhacht dhlíthiúil na fianaise ar ar bhraith siad os a comhair agus trína chinneadh nár leor an fhianaise sin chun a shuíomh go raibh an Treoir Tarmligthe dá gcúram go leithleach.

36 Maíonn siad go bhfuil earráid dlí déanta ag an gCúirt Ghinearálta trí mheasúnú a dhéanamh ar gach gné den fhianaise sin ar leithligh agus ina n-aonar agus trí scrúdú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh gach ceann acu leordhóthanach, ann féin, chun a shuí go raibh an Treoir Tarmligthe do chúram na n-achomharcóirí go leithleach. Ní bheadh cur chuige den sórt sin comhréireach leis an gcásdlí lena gceanglaítear 'corpas fianaise' nó 'sraith d'eilimintí fíorasacha agus dlíthiúla' a shainaithint lena bhféadfaí an t-iarratasóir a dhealú ar bhonn aonair.

37 Sa chéad áit, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 45 den ordú atá faoi achomharc, tá sé ábhartha, mar thoradh ar na dearbhuithe agus na fógraí maidir le táirgí a rinneadh faoi Airteagal 5 agus Airteagal 19(1) faoi seach de Threoir 2014/40, go raibh na hachomharcóirí in-sainaitheanta ag an gCoimisiún ar an dáta a glacadh an Treoir Tarmligthe.

38 Sa dara háit, cáineann na hachomharcóirí mír 46 den ordú atá faoi achomharc ar an bhforas go leanann sé ón gcásdlí le déanaí go bhfuil tábhacht sheasamh an iarratasóra ar an margadh, cé nach leor ann féin é chun a shuíomh go bhfuil an beart atá faoi chonspóid dá chúram go leithleach, ábhartha mar sin féin a mhéid atá sé mar chuid den sraith d'eilimintí arb ionann iad agus cás speisialta atá ina shaintréith den iarratasóir sin. Is amhlaidh atá sa chás seo, agus tábhacht shuíomh ghrúpa BAT ar an margadh a mhéid a bhaineann le táirgí tobac téite á cur san áireamh.

39 Thairis sin, ní bheadh conclúid na Cúirte Ginearálta, i mír 51 den ordú atá faoi achomharc, ar dá réir nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir monaróirí táirgí tobac téite agus na hoibreoirí eile atá i slabhra táirgthe agus dáilte na dtáirgí atá i gceist. Ní féidir go gciallódh an chaoi go bhféadfadh beart difear a dhéanamh d'oibreoirí eile freisin nach féidir leis a bheith ina ábhar imní aonair d'oibreoir a bhfuil sé dá chúram go díreach.

40 Sa chás seo, déantar idirdhealú idir na hoibreoirí éagsúla atá bainteach le slabhra táirgthe agus dáilte na dtáirgí atá i gceist leis an gcóras fógartha a bunaíodh faoi Airteagal 5 agus Airteagal 19(1) de Threoir 2014/40. Ní cheanglaítear leis an gcóras sin ach amháin gurb é monaróir nó allmhaireoir an táirge lena mbaineann a thabharfaidh an fógra agus nach oibreoir iartheachtach ná réamhtheachtach ón slabhra soláthair a dhéanfaidh é. Ní féidir brath ar mhonaróir nó táirgeoir eile a bheith ann ina leith sin chun a chur as an áireamh go bhfuil an Treoir Tarmligthe do chúram na n-achomharcóirí go leithleach.

41 Ar an tríú dul síos, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i míreanna 47 go 50 den ordú atá faoi achomharc, trí mhainneachtain ualú leordhóthanach a thabhairt do na húdaruithe margaíochta arna bhfáil ag roinnt de na hachomharcóirí sular glacadh an Treoir Tarmligthe.

42 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, maíonn na hachomharcóirí go bhfuil sé mícheart a lua go bhfuil na héifeachtaí céanna ag an Treoir Tarmligthe ar gach oibreoir, bíodh údarú margaíochta acu nó ná bíodh, ós rud é go gcaillfidh siad siúd a bhfuil údarú margaíochta acu í, murab ionann

agus oibreoirí eile. Ar an dara dul síos, ní gá go mbeadh na cearta atá ann cheana féin chun an Treoir sin a ghlacadh eisiach chun a mheas go bhfuil an Treoir Tarmligthe do chúram na n-achomharcóirí go leithleach, de réir bhrí bhreithiúnas an 13 Márta 2008, *an Coimisiún* v *Infront WM* (C-125/06 P, EU:C:2008:159), agus an 27 Feabhra 2014, *Stichting Woonpunt agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-132/12 P, EU:C:2014:100). Ar an tríú dul síos, ní gá 'go bhfuarthas ar feadh tréimhse éiginnte' na cearta sin atá ann cheana chun bheith ábhartha ina leith sin.

43 Áitíonn an Coimisiún nach bhfuil bunús leis an gcéad chuid den fhoras achomhairc aonair.

44 Cé gur scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta na hargóintí a ardaíodh ag an gcéad chéim ar bhealach córasach agus struchtúrtha, ní chiallaíonn sé sin nár chuir sí san áireamh an 'corpas fianaise' a cheanglaítear leis an gcásdlí ar a bhfuil na hachomharcóirí ag brath. Chomh maith leis sin, cuireann an Coimisiún i gcoinne an smaoinimh, dá leanfadh an Chúirt Ghinearálta an cur chuige ar a bhfuil na hachomharcóirí ag brath, go gcinnfeadh sí go raibh sé dá gcúram go leithleach os rud é go bhfuil gach eilimint ar a bhfuil na hachomharcóirí ag brath ábhartha agus tábhachtach.

45 Mar réamhbharúil, cáineann an Coimisiún na hachomharcóirí as a thabhairt le tuiscint go raibh siad ag brath ar líon mór tosca ar cheart don Chúirt Ghinearálta measúnú a dhéanamh orthu i gcomhpháirt. Mar sin, leis na hargóintí a cuireadh chun cinn san iarratas ag an gcéad chéim, ní dhéanann na hachomharcóirí ach a mhaíomh go bhfuil stádas ar leith acu. Ar an gcéad dul síos, is aicme iata d'oibreoirí eacnamaíocha iad, a bhí inaitheanta agus sainaitheanta go hiarbhír tráth a glacadh an Treoir Tarmligthe mar gheall ar na dearbhuithe agus na fógraí a rinneadh faoi Airteagail 5 agus 19 de Threoir 2014/40 faoi seach. Ar an dara dul síos, is dócha go ndéanfaidh an Treoir Tarmligthe difear suntasach dá seasamh ar an margadh. De réir an Choimisiúin, mhínigh an Chúirt Ghinearálta go diongbháilte cén fáth nach suitear leis an dá argóint sin go bhfuil an Treoir Tarmligthe do chúram na n-achomharcóirí go leithleach.

46 Maidir leis an gcéad argóint, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta a shonrú, i mír 43 den ordú atá faoi achomharc, go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 5 agus 19 de Threoir 2014/40 ginearálta, teibí agus infheidhme maidir le gach oibreoir a chuireann táirge tobac ar an margadh nó a bhfuil sé beartaithe aige táirge tobac a chur ar an margadh. Ní féidir na ceanglais sin a mheas mar shaintréithriú agus idirdhealú a dhéanamh ar sheasamh sealbhóirí údaraithe i leith na Treorach Tarmligthe amhail is dá mba iad seolaithe na Treorach Tarmligthe iad.

47 Sa chomhthéacs sin, ar an gcéad dul síos, níl éifeacht ag argóintí na n-achomharcóirí maidir le cineál inaitheanta grúpa iata d'oibreoirí eacnamaíocha tráth a glacadh an Treoir Tarmligthe.

48 Ar an dara dul síos, measann an Coimisiún go ndéanann na hachomharcóirí ábhar mhír 46 den ordú atá faoi achomharc a shaobhadh, sa mhéid, murab ionann agus an méid a mhaíonn siad, gur thagair an Chúirt Ghinearálta, sa mhír sin, do líon na ngnóthas a ndéanann an Treoir Tarmligthe difear dóibh, seachas do sciar margaidh na n-achomharcóirí. Tá an dá chritéar sin éagsúil agus neamhábhartha chun a chinneadh an bhfuil an Treoir sin do chúram na n-achomharcóirí go leithleach.

49 Baineann na hachomharcóirí míbhrí freisin as mír 51 den ordú atá faoi achomharc sa mhéid, murab ionann agus an méid a mhaíonn siad, nár luaigh an Chúirt Ghinearálta ann nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir monaróirí táirgí tobac téite agus oibreoirí eile a bhfuil baint acu le slabhra dáileacháin nó soláthair na dtáirgí atá i gceist.

50 Níl feidhm ag argóint na n-achomharcóirí nach féidir brath ar mhonaróir nó táirgeoir eile a bheith ann chun a chur as an áireamh go bhfuil an Treoir Tarmligthe do chúram na n-achomharcóirí go leithleach ós rud é nár bhraith an Chúirt Ghinearálta ar chinneadh den sórt sin san ordú atá faoi achomharc.

51 Ar an tríú dul síos, ba cheart diúltú don argóint nár thug an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 47 go 50 den ordú atá faoi achomharc, tábhacht leordhóthanach do na húdaruithe margaíochta a bhí i seilbh na n-achomharcóirí.

52 Ar an gcéad dul síos, níor chinn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil na héifeachtaí céanna ag an Treoir Tarmligthe maidir leis na hoibreoirí uile. Dá bhrí sin, níl éifeacht ag argóint na n-achomharcóirí ina choinne sin. Ar an dara dul síos, ní bhaineann an cásdlí ar a bhfuil na harcomharcóirí ag brath mar thaca leis an argóint sin le hábhar. Dá bhrí sin, baineann breithiúnas an 13 Márta 2008, *an Coimisiún* v *Infront WM* (C-125/06 P, EU:C:2008:159), le caingean i gcoinne beart a bhfuil feidhm ghinearálta aige arna tabhairt ag daoine a raibh cearta faighte acu, cé gur sampla é breithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Stichting Woonpunt agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-132/12 P, EU:C:2014:100), de chaingean arna tabhairt ag daoine dlítheanacha i gcoinne gníomh lena ndéantar agóid i gcoinne cinneadh ón gCoimisiún a bhaineann le scéim Státchabhrach a raibh siad ina dtairbhithe di.

53 Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i mír 47 den ordú atá faoi achomharc, nár tugadh cearta dá sealbhóirí leis na húdaruithe atá faoi chonspóid atá inchomparáide leis na cearta atá ag na hachomharcóirí sna cásanna dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo. Sa chás seo, ní fhéadfadh ach 'caillteanas ioncaim', sa chiall dóchais amú, a bheith i gceist le hiarmhairt líomhainte na Treorach Tarmligthe, is é sin le rá, cailleadh deise a thairgfí d'aon duine a bhfuil suim aige i dtáirgeadh nó i dtrádáil táirgí tobac téite.

54 Aontaíonn Poblacht na Fraince le hargóintí uile an Choimisiúin. Cuireann sé in iúl freisin go bhfuil feidhm ag an Treoir Tarmligthe maidir leis na hoibreoirí uile atá údaraithe go cuí chun táirgí tobac téite a chur ar an margadh, lena n-áirítear iomaitheoirí na n-achomharcóirí. Thairis sin, tá sé nádúrtha nach n-infheisteoidh ach líon beag oibreoirí i margadh nua atá ag teacht chun cinn ar dtús. Ní thacaíonn sé sin, áfach, leis an gconclúid go bhfuil na hachomharcóirí, mar oibreoirí a ndéantar idirdhealú eatarthu toisc nach dtagann siad ach go luath ar an margadh, i gcás sonrach, agus mar thoradh air sin go ndéantar idirdhealú eatarthu ina n-aonar leis an Treoir Tarmligthe ar an mbealach céanna le seolaí na Treorach sin.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

55 Éilítear leis an gcéad chuid den tsaincheist dlí aonair earráidí dlí arna ndéanamh ag an gCúirt Ghinearálta ina measúnú ar an bhfianaise a chuir na hachomharcóirí ar aghaidh chun a léiriú go mbaineann siad le catagóir dhúnta d'oibreoirí eacnamaíocha a sainaithníodh nó a bhí in-sainaitheanta tráth a glacadh an Treoir Tarmligthe agus, dá bhrí sin, go bhfuil an Treoir sin dá gcúram go leithleach, de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE.

56 Baineann na hargóintí a chuir na hachomharcóirí chun cinn, go háirithe, le míreanna 45 go 52 den ordú atá faoi achomharc, inar scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, an leor na dearbhuithe agus na fógraí a rinneadh faoi Airteagail 5 agus 19 de Threoir 2014/40 faoi seach agus, ar an dara dul síos, seilbh údaruithe margaíochta a fuarthas sna Ballstáit lenar tugadh córas údaraithe isteach ar bhonn Airteagal 19(3) den Treoir sin chun idirdhealú a dhéanamh eatarthu ina n-aonar ar an gcaoi chéanna le seolaí cinnidh.

57 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí socraithe na Cúirte nach féidir le daoine seachas na daoine a ndírítear cinneadh chucu a éileamh go mbaineann an cinneadh sin leo ach amháin má dhéantar difear dóibh mar gheall ar an gcinneadh sin de bharr tréithe áirithe atá sainiúil dóibh nó de bharr cúinsí nach mbaineann le duine ar bith eile, agus, mar thoradh ar na fachtóirí sin déantar iad a idirdhealú ar an dóigh chéanna leis na daoine ar a bhfuil an cinneadh dírithe (féach, *inter alia*, breithiúnais an 15 Iúil 1963, *Plaumann* v *an Coimisiún*, 25/62, EU:C:1963:17, lch. 223; an 17 Meán Fómhair 2015, *Mory agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-33/14 P, EU:C:2015:609, mír 93, agus an 31 Eanáir 2023, *an Coimisiún* v *Braesch agus páirtithe eile*, C-284/21 P, EU:C:2023:58, mír 51).

58 Sa chomhthéacs sin, ní thugann an fhéidearthacht líon nó fiú céannacht na ndaoine a bhfuil feidhm ag beart ina leith a chinneadh go beacht a bheag nó a mhór le tuiscint nach mór a mheas gur dá gcúram go leithleach é, ar choinníoll go gcuirtear an beart sin i bhfeidhm de bhua staid oibiachtúil dhlíthiúil nó fhíorasach a shainítear leis an mbeart sin (breithiúnais an 16 Márta 1978, *Unicme agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, 123/77, EU:C:1978:73., mír 16; an 22 Samhain 2001 i gCás *Antillean Rice Mills* v *an Chomhairle*, C-451/98, EU:C:2001:622, mír 52, agus an 12 Iúil 2022 i gCás *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 157).

59 Mar sin féin, is léir freisin ó gcásdlí socair, i gcás ina ndéanann gníomh difear do ghrúpa daoine a sainaithníodh nó a raibh in-sainaitheanta ar an dáta a glacadh an gníomh sin agus, de bhua critéir a bhaineann go sonrach le baill an ghrúpa sin, go bhféadfadh an gníomh sin a bheith do chúram na ndaoine sin go leithleach sa mhéid go raibh siad mar chuid d'aicme srianta oibreoirí eacnamaíocha. (féach, i ndáil leis sin, breithiúnais an 17 Eanáir 1985, *Piraiki-Patraiki agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, 11/82, EU:C:1985:18, mír 31; an 22 Meitheamh 2006, *an Bheilg agus Forum 187* v *an Coimisiún*, C-182/03 agus C-217/03, EU:C:2006:416, mír 60; an 13 Márta 2008, *an Coimisiún* v *Infront WM*, C-125/06 P, EU:C:2008:159, mír 71 agus an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 158). D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, go háirithe, i gcás ina n-athraítear na cearta a fuair an duine aonair sular glacadh é leis an mbeart (breithiúnais an 13 Márta 2008, *an Coimisiún* v *Infront WM*, C-125/06 P, EU:C:2008:159, mír 72, agus an 27 Feabhra 2014, *Stichting Woonpunt agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-132/12 P, EU:C:2014:100, mír 59).

60 Dá bhrí sin, d'fhonn go mbeadh sé dá chúram go leithleach mar bhall d'aicme theoranta daoine, is gá, ar an gcéad dul síos, d'iarratasóir a léiriú gur shainaithin údar an ghnímh sin é nó, ar a laghad, gur dócha go sainaithneoidh sé é, tráth a ghlacfar an beart atá faoi chonspóid, ar bhonn faisnéis atá beacht go leor a bhí an t-údar in ann a fháil (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Eanáir 1985, *Piraiki-Patraiki agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, 11/82, EU:C:1985:18, mír 31) agus, ar an dara dul síos, go bhfuil saintréithe sonracha ag an iarratasóir i ndáil leis na daoine eile a bhfuil sé beartaithe an beart sin a chur i bhfeidhm ina leith.

61 Sa chás seo, is é éifeacht na Treorach Tarmligthe, ar an gcéad dul síos, toirmeasc a chur ar mhargú táirgí tobac téite a bhfuil sainbhlas orthu agus iad siúd a bhfuil sainbhlas i gceann dá gcomhpháirteanna agus, ar an dara dul síos, táirgí tobac téite lena gcaitheamh a chur faoi réir na gceanglas lipéadaithe céanna atá ar thoitíní, tobac rollta agus tobac píopa uisce.

62 Dá bhrí sin, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 28 agus 30 den ordú atá faoi achomharc, ón 23 Deireadh Fómhair 2023, an dáta ar ghá do na Ballstáit forálacha a ghlacadh chun an Treoir Tarmligthe a chomhlíonadh agus ar thosaigh feidhm a bheith acu, d'éirigh an

mhargaíocht sin neamhdhleathach. Dá bhrí sin, maidir leis na hchomharcóirí a chuir táirgí tobac téite a raibh sainbhlas orthu nó a raibh blas i gceann dá gcomhpháirteanna ar an margadh, baineadh an deis díobh táirgí den sórt sin a mhargú ón dáta sin.

63 Thairis sin, bhí sé d'éifeacht ag an Treoir Tarmligthe freisin leasú a dhéanamh, le héifeacht ón 23 Deireadh Fómhair 2023, ar an gcóras faoina bhféadfadh na hachomharcóirí, go dtí an dáta sin, a dtáirgí tobac téite a chur ar an margadh, trí na coinníollacha chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh níos mífhabhraí ná mar a bhí roimhe sin, go háirithe mar gheall ar na hoibleagáidí lipéadaithe nua a fhorchuirtear anois ar na táirgí sin.

64 Ar an gcéad dul síos, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 163 agus 164 dá Thuairim, tá an córas nua sin mar thoradh ar 'athrú suntasach ar na himthosca', de réir bhrí Airteagal 2(28) de Threoir 2014/40, a bhunaigh an Coimisiún, i gcomhréir leis an bhforáil sin, ar bhonn mhéid dhíolacháin na dtáirgí atá i gceist arna ndearbhú ag monaróirí agus allmhaireoirí, i gcomhlíonadh na hoibleagáide a leagtar síos in Airteagal 5(6) den Treoir sin.

65 Ar an dara dul síos, a mhéid is gur táirgí tobac núíosacha iad táirgí tobac téite, ba ghá do na hachomharcóirí iad a chur ar an margadh, de bhun Airteagal 5 agus Airteagal 19(1) den Treoir sin, sular tugadh fógra d'údaráis inniúla na mBallstát. Bhí liosta na gcomhábhar a úsáidtear chun na táirgí sin a mhonarú ag gabháil leis an bhfógra sin, go háirithe, lena n-áirítear breiseáin amhail sainbhlasanna, agus an fhaisnéis a cuireadh in iúl an tráth sin á cur ar fáil don Choimisiún de bhun Airteagal 19(2) de Threoir 2014/40.

66 Ina theannta sin, bhí an margú sin, i gcás inarb iomchuí, faoi réir údarú ó na Ballstáit a roghnaigh úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a cuireadh ar fáil dóibh ina leith sin le hAirteagal 19(3) den Treoir sin.

67 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, ar an gcéad dul síos, go bhfuil na hachomharcóirí mar chuid d'aicme theoranta oibreoirí eacnamaíocha a shainaithin an Coimisiún nó a bhí in-sainaitheanta dó, tráth a glacadh an Treoir Tarmligthe, mar gheall ar an gcinneadh, sular glacadh an Treoir sin, maidir le 'hathrú suntasach ar na himthosca', ceanglas go ngníomhachtófar cumhacht tharmligthe an Choimisiúin dá bhforáiltear le hAirteagal 7(12) agus Airteagal 11(6) de Threoir 2014/40 araon, chomh maith leis na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt agus na cinntí údarúcháin dá dtagraítear i míreanna 65 agus 66 den bhreithiúnas seo.

68 Ar an dara dul síos, tá tionchar ar leith ag na toirmisc agus na hoibleagáidí nua a leagtar amach sa Treoir Tarmligthe ar na hachomharcóirí ós rud é go raibh sé d'éifeacht ag an Treoir Tarmligthe leasú a dhéanamh, ón 23 Deireadh Fómhair 2023, ar an gcóras maidir le táirgí tobac téite a chur ar an margadh ónar thairbhigh siad go dtí an dáta sin, trí na coinníollacha chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh níos mífhabhraí ná mar a bhí roimhe seo, go háirithe ós rud é go bhfuil toirmeasc iomlán agus simplí ar dhíol táirgí tobac téite a bhfuil sainbhlas orthu leis an Treoir Tarmligthe. Dá bhrí sin, chaill oibreoirí atá gníomhach sa mhargadh sin, amhail na hachomharcóirí, a gceart go cinntitheach chun na táirgí sin a chur ar an margadh, agus ní bheidh aon oibreoir eile in ann é sin a dhéanamh amach anseo.

69 Dá bhrí sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i mír 47 den ordú atá faoi achomharc, nach bhféadfaí na húdaruithe a deonaíodh do roinnt de na hachomharcóirí faoi Threoir 2014/40 a mheas mar shainthréithriú agus idirdhealú a dhéanamh ar staid a sealbhóirí i ndáil leis an Treoir Tarmligthe, amhail is dá mba sheolaithe na Treorach sin iad, agus nuair a

chinn sí, i mír 52 den ordú sin, nach raibh na húdaruithe, na dearbhuithe agus na fógraí ar a raibh na hachomharcóirí ag brath os a comhair in ann a shuíomh go raibh an Treoir Tarmligthe dá gcúram go leithleach.

70 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 168 dá Thuairim, ní féidir le cineál neamheisiach na n-údaruithe margaíochta atá i gceist, mar a luaitear i mír 49 den ordú atá faoi achomharc, difear a dhéanamh d'indibhidiúlú na n-achomharcóirí. Is é an critéar ábhartha ina leith sin athrú na gceart a fuair an t-achomharcóir sular glacadh an beart atá faoi chonspóid. (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Márta 2008, *an Coimisiún* v *Infront WM*, C-125/06 P, EU:C:2008:159, mír 72), is é sin le rá, go bhfuil 'ceart sonrach faighte' ag duine (féach, i ndáil leis sin, ordú an 14 Eanáir 2021, *Sabo agus páirtithe eile* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-297/20 P, EU:C:2021:24, mír 28), gan gá go mbeadh an ceart sin eisiach.

71 I bhfianaise na mbreithnithe sin go léir, ní mór seasamh leis an gcéad chuid den tsaincheist dlí aonair agus an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar ceal, gan aon ghá a bheith ann scrúdú a dhéanamh ar na hargóintí eile a chuir na hachomharcóirí chun cinn mar thaca leis an gcuid sin.

An dara cuid den chéad fhoras achomhairc

72 Ós rud é go gcuirtear an t-ordú atá faoi achomharc ar ceal mar thoradh ar rath na chéad choda den fhoras achomhairc aonair, ní gá scrúdú a dhéanamh ar an dara cuid den tsaincheist dlí sin, rud nach bhféadfadh cur ar ceal níos forleithne an ordaithe sin a bheith mar thoradh air.

An chaingean atá os comhair na Cúirte Ginearálta

73 I gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 61(1) de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, i gcás ina gcuirfear breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní, breithiúnas críochnaitheach a thabhairt ar an díospóid má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid.

74 Sa chás seo, sa chás nach bhfuil an Chúirt Bhreithiúnais in ann rialú a thabhairt, ag an gcéim seo de na himeachtaí, ar shubstaint na caingne a thugtar os comhair na Cúirte Ginearálta, tá an fhaisnéis is gá aici chun breithiúnas críochnaitheach a thabhairt ar an agóid do-ghlacthachta a d'ardaigh an Coimisiún le linn na n-imeachtaí ag an gcéad chéim.

75 Mar thaca leis an bpléadáil do-ghlacthachta sin, áitíonn an Coimisiún nach bhfuil an Treoir Tarmligthe do chúram na n-achomharcóirí go díreach nó go leithleach.

76 Ar an gcéad dul síos, in éagmais aon agóid shonrach ó na páirtithe ina leith sin, tá sé beartaithe ag an gCúirt Bhreithiúnais cinntí na Cúirte Ginearálta, a leagtar amach i míreanna 27 go 33 den ordú atá faoi achomharc, a fhormhuiniú maidir le cé acu an bhfuil an Treoir Tarmligthe do chúram na n-achomharcóirí go díreach.

77 Ar an dara dul síos, is léir ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 61 go 68 den bhreithiúnas seo bhfuil an Treoir Tarmligthe sin do chúram na n-achomharcóirí go leithleach sa chás seo.

78 Dá bhrí sin, ní mór a dhearbhú go bhfuil an chaingean le haghaidh neamhniú arna tabhairt ag na hachomharcóirí os comhair na Cúirte Ginearálta inghlactha.

79 Déantar an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnas a thabhairt ar shubstaint na caingne sin le haghaidh neamhniú;

Costais

80 Ós rud é go ndéantar an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, ní mór na costais a bhaineann leis na himeachtaí reatha a fhorchoimeád.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Dara Dlísheomra):

1. **Cuirtear pointe 1 den chuid oibríochtúil d'ordú Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 20 Meán Fómhair 2023, *Nicoventures Trading agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (T-706/22, EU:T:2023:579),, ar neamhní.**

2. **Tá an chaingean le haghaidh neamhniú a thionscain Nicoventures Trading Limited, British American Tobacco (an Ghearmáin) GmbH, British American Tobacco Italia SpA (BAT Italia), British American Tobacco Polska Trading sp. z o.o., British American Tobacco España SA agus P.J. Carroll & Company Limited i gcoinne Threoir Tarmligthe (AE) 2022/2100 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí áirithe a tharraingt siar i ndáil le táirgí tobac téite inghlactha.**

3. **Déantar an cás a tharchur ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh breithiúnas a thabhairt ar shubstaint na caingne sin le haghaidh neamhniú dá dtagraítear i mír 2 den chuid oibríochtúil seo.**

4. **Déantar na costais a fhorchoimeád.**

Sínithe